



An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13323/17

PECHE 390

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	17 Deireadh Fómhair 2017
chuig:	na toscaireachtaí

Ábhar:	Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Rialú Iascaigh an Aontais: breis iarrachtaí de dhíth" - Conclúidí ón gComhairle (17 Deireadh Fómhair 2017)
--------	---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Rialú Iascaigh an Aontais: breis iarrachtaí de dhíth", arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3567ú cruinniú a bhí aici ar an 17 Deireadh Fómhair 2017.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2017 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa dar teideal:

"Rialú Iascaigh an Aontais: breis iarrachtaí de dhíth"

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

- (1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 8/2017 ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa dar teideal: "Rialú Iascaigh an Aontais: breis iarrachtaí de dhíth";
- (2) AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta ó rinneadh an t-iniúchadh deireanach ar an gcóras rialaithe in 2007¹ le Rialachán (CE) 1224/2009 ón gComhairle², a aithnítear sa tuarascáil speisialta seo go háirithe i dtaca le glacadh an chuóta agus cigireachtaí ar iascach.
- (3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb ionann an sampla de cheithre Bhallstát agus os cionn leath d'acmhainneacht chabhlach an Aontais ach go bhfuil baol ann nár cuireadh san áireamh cásanna éagsúla i mBallstáit eile lena mbaineann;
- (4) AONTAÍONN SÍ le measúnú na Cúirte go bhfuil sé ríthábhachtach córas éifeachtach rialaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme le go n-éireoidh leis an gcomhbheartas iascaigh, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur próiseas leanúnach é cur chun feidhme an Rialacháin um Rialú agus go bhfuil feabhsuithe á gcur leis de réir a chéile, agus SPREAGANN SÍ na Ballstáit agus an Coimisiún obair leantach a dhéanamh bunaithe ar mholtaí na Cúirte nuair is iomchuí;

¹ Tuarascáil Speisialta Uimh. 7/2017 ón gCúirt Iniúcháirí.

² Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, Rialachán (CE) Uimh. 1627/94 agus Rialachán (CE) Uimh. 1966/2006.

- (5) AITHNÍONN SÍ gur gá teacht ar chothromaíocht bhuan idir acmhainneacht an chabhlaigh iascaigh agus deiseanna iascaireachta le hinbhuanaitheacht na hiascaireachta a chaomhnú go fadtéarmach, TUGANN SÍ DÁ hAIRE mar sin a thábhachtaí atá sé faisnéis iontaofa a bheith ann maidir leis an acmhainneacht iascaireachta i gclár cabhlaigh an Aontais, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI moladh na Cúirte nósanna imeachta a bhunú lena ndéanfaí fíorú ar chruinneas na faisnéise sin arna dtaifead sna cláir chabhlaigh náisiúnta;
- (6) MEABHRAÍONN SÍ gur ghlac an Coimisiún, ar an 6 Feabhra 2017, rialachán cur chun feidhme maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais³, a raibh sé mar aidhm leis clár den chineál sin a bhunú agus a choinneáil d'fhonn bailiú sonraí maidir leis an méid sin a fheabhsú tuilleadh agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagra an Choimisiúin ina ndeirtear gur cheart aghaidh a thabhairt tríd an rialachán seo ar na heasnaimh atá ann i dtaca leis an gclár cabhlaigh a d'aithin an Chúirt.
- (7) AONTAÍONN SÍ go mbraitheann bearta maithe bainistíochta ar fhaireachán cuí agus éifeachtach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, IS DÍOL SÁSAIMH DI measúnú na Cúirte go bhfuil bearta bainistíochta iascaigh á gcur chun feidhme i gceart ar an iomlán, agus MOLANN SÍ go leanfar de theicneolaíocht a fhorbairt, go háirithe i ndáil le córas tuairiscithe leictreonach agus le cros-seiceáil sonraí ar fud na mBallstát ábhartha chun cuspóirí i dtaca le rialú agus comhlíonadh a bhaint amach, an t-ualach riaracháin a laghdú agus cur níos mó le héifeachtúlacht costais.
- (8) AITHNÍONN SÍ torthaí na Cúirte maidir le heasnaimh ar leith san fhaireachán a dhéantar ar shoithí iascaireachta ar mhionscála, ach ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá teacht ar chothromaíocht idir na tairbhí a bhaineann le faireachán agus meastóireacht agus na costais agus an t-ualach riaracháin a bhaineann leo, go háirithe a mhéid a bhaineann le soithí iascaireachta ar mhionscála agus mar sin CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá an leas is mó is féidir a bhaint as na córais faireacháin agus as na foinsí sonraí atá ann cheana.

³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/218 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.

- (9) TUGANN SÍ DÁ HAIRE go gcabhraíonn gníomhaíochtaí cigireachta agus smachtbhannaí le comhlíonadh trí bhainistiú inbhuanaithe iascaigh a áirithiú, cultúr comhlíontachta a chruthú agus cothroime iomaíochta a bhaint amach san fhadtéarma, ach MEABHRAÍONN SÍ go dtagann cleachtais éagsúla smachtbhannaí chun cinn mar gheall ar éagsúlachtaí i gcórais agus traidisiúin dhlíthiúla náisiúnta agus gur faoi na Ballstáit iad féin atá sé smachtbhannaí a bhunú agus MOLANN SÍ go ndéanfar comhstraitéisí cigireachta a fhorbairt tuilleadh chun cothroime iomaíochta a atreisiú agus chun rochtain fhrithpháirteach ar shonraí ábhartha a fheabhsú.
- (10) IS DÍOL SÁSAIMH DI measúnú na Cúirte ar chur chun feidhme an Rialacháin um Rialú. AG MEABHRÚ DI sa chomhthéacs sin an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) 1224/2009⁴ agus maidir leis an meastóireacht air, IS MÓR AN DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an tionscnamh ón gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe, agus CUIREANN SÍ IN IÚL, ag an bpointe seo, go bhfuil deis ann cúrsaí a fheabhsú trí thuairisciú iontaofa a dhéanamh ar ghabhálacha, trí shimpliú breise a dhéanamh, trí leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua, trí chostais, luach breise maidir le cuspóirí rialaithe agus sainiúlachtaí réigiúnacha a chur san áireamh agus tríd an ualach riaracháin a íoslaghdú.

⁴ 8375/17 PECHE 160.